



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2011

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

EACNAMAÍOCHT

Ardleibhéal



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2011

**AISTRIÚCHÁN
AR SCÉIM MHARCÁLA**

EACNAMAÍOCHT

ARDLEIBHÉAL

EACNAMAÍOCHT ARDLEIBHÉAL

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta

- Ní mhaítear ar chor ar bith go bhfuil na nótaí tacaíochta faoi iamh uileghabhálach nó críochnúil.
- Déanfar eolas ábhartha breise a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna air de réir a fhiúntais.
- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.

INNÉACS NA gCEISTEANNA

Uimhir	Ábhar	Lch/lgh
	Roinn A	3-6
	Roinn B	
1	Éileamh, Áirgiúlacht, an Prionsabal Comhimeallach d'Iompraíocht Tomhaltóirí	7-9
2	Olagaplacht	10-13
3	Táirgiúlacht Imeachtach Ioncaim (MRP), Infheistíocht, Infheistíocht in iompar poiblí	14-17
4	Costais	18 - 20
5	Beartas fioscach, Priobháidiú agus Bille Pá na hEarnála Poiblí	21-23
6	Airgead, Rialú banc, Méadú ar na rátaí úis	24-26
7	Ioncam Náisiúnta	27-29
8	Daonáireamh, Imirce, Dífhostaíocht, Tacaíocht airgeadais ón AE / IMF	30-33

ROINN A (100 marc)

1. Luaigh **ceithre** chéim atá ag baint le hInnéacs Praghsanna Tomhaltais (*CPI* i mBéarla) a chur i dtoll a chéile.

Céim 1: Dearbhaigh na tráchtearraí atá le cur san áireamh san innéacs.

An méid a cheannaíonn an gnáth-theaghlach Éireannach go minic agus i gcainníochtaí móra (Ciseán Siopadóireachta an Ghnáth-teaghlaigh Náisiúnta).

Céim 2: Dearbhaigh pragsanna sa bhonnbhliain.

Céim 3: Ríomh Innéacs Simplí Praghsanna le haghaidh gach tráchtearra.

Céim 4: Dearbhaigh an t-ualach (meáchan) atá le cur le gach tráchtearra.

Céim 5: Iolraigh an tInnéacs Simplí Praghsanna a bhaineann le gach tráchtearra faoina ‘ualach’ agus suimigh chun an tInnéacs Praghsanna Tomhaltais a oibriú amach.

4 phointe × 4 mharc an ceann = 16 mharc

2. Sainmhínigh an téarma geilleagar measctha. Luaigh **dhá** shampla de ghníomhaíocht eacnamaíoch a thugann tacaíocht don tuairim gur geilleagar measctha é geilleagar na hÉireann.

Sainmhíniú: Geilleagar ina bhfuil gnéithe den phleanáil lárnach (páirtíocht rialtais) agus den fhiontraíocht phríobháideach ina chóras geilleagrach.

Dhá shampla:

1. Comhpháirtíocht Shóisialta a bheith ann

Ligeann sé don rialtas agus do chomhpháirtithe sóisialta eile a bheith páirteach i leagan amach spriocanna agus ina mbaint amach thar thréimhse shonraithe ama.

2. Comhlachtaí leathstáit agus fiontraíocht phríobháideach a bheith ann

An dá earnáil ag táirgeadh earraí agus ag soláthar seirbhísí i réimsí ar nós iompair, fuinnimh agus cumarsáide.

3. Rialtóirí / Ranna Rialtais

Gníomhaíochtaí geilleagracha a rialú trína gcuid gníomhartha, e.g. an rialtóir um sheirbhísí airgeadais.

4. Reachtaíocht arna rith ag an Rialtas

Rialaíonn sí gníomhaíochtaí daoine / gnólachtaí, ar nós na ndlíthe éagsúla saothair, e.g. Dlí an Íosphá / Dlíthe Pleanála / Achtanna na gCuideachtaí, etc.

5. Úsáid as cánachas / caiteachas rialtais

Bíonn tionchar ag úsáid beartas fioscach ag an rialtas ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus d’fhéadfadh sé torthaí margaidh a athrú.

16 mharc (12+4)

3. Ainmnigh an struchtúr margaidh (Iomaíocht Fhoirfe, Iomaíocht Neamhfhoirfe nó Monaplacht) is mó is dócha lena mbaineann gach ráiteas díobh seo thíos:

	RÁITEAS	STRUCHÚR MARGAIDH
(i)	Tá cuar éilimh an ghnólachta lánleasteach	Iomaíocht Fhoirfe
(ii)	Is táirge ar leith é an t-earra a chuireann an gnólacht ar fáil.	Monaplacht
(iii)	D'fhéadfaí bialanna a áireamh mar shamplaí den struchtúr margaidh seo.	Iomaíocht Neamhfhoirfe
(iv)	Tá meánchostais an ghnólachta chomh híseal agus is féidir.	Iomaíocht Fhoirfe

4 fhreagairt chearta × 4 mharc an ceann = 16 mharc

4. Tabhair breac-chuntas ar **thrí** réimse freagrachta a bhíonn faoi chúram Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA).

1. Iasachtaíocht thar ceann Rialtas na hÉireann / díol bannaí Rialtais
2. Fiachas Náisiúnta na hÉireann a bhainistiú thar ceann an rialtais.
3. An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean a bhainistiú.
4. Cistí eile an rialtais a bhainistiú ar nós an Chiste Árachais Shóisialaigh agus Chiste na gCuntas Díomhaoin.
5. Iasachtaíocht thar ceann na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe.
6. Comhairle airgeadais agus maoiniú b'fhéidir a chur ar fáil agus ráthaíochtaí a sholáthar i gcomhair na dtionscadal mór uile i leith infheistíocht phoiblí a dhéanann an Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais a oibríonn trí an NTMA.
7. Soláthraíonn sí Lársheirbhís Chistíochta le haghaidh glacadh taiscí agus iasachtú le comhlachtaí rialtais áitiúil, chomh maith le bainistíocht leachtachta do Bhanc Ceannais agus d'Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann.
8. Éilimh i leith díobhálacha pearsanta a cuireadh i gcoinne ranna Rialtais agus údaráis eile Stáit / Scéim Shlánaíochta Chliniciúil an Stáit faoi bhainistíocht an NTMA mar an Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.
9. Gníomhaíonn sí mar ghníomhaí na hÉireann i dtaca le ceannach creidmheasanna carbóin.

16 mharc (10 + 4 + 2)

5. Sainmhínigh an téarma soghluaisteacht ghairme an lucht saothair. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc atá in ann tionchar a imirt uirthi.

Sainmhíniú: cumas / éascaíocht oibrí athrú ó phost amháin go post eile

Dhá thoisc:

1. Infhaighteacht agus rochtain ar **chúrsaí inacmhainne oideachais**
2. Infhaighteacht agus rochtain ar **oiliúint**, ar **chúrsaí athoiliúna** agus ar **fheabhsú scileanna**.
3. **Beartais rialtais** a thugann cúnamh le haghaidh soghluaisteachta, i.e. ceadanna oibre; baint bacainní teanga / cultúir; cláir intéirneachta a thairiscint.
4. **Laghdú ar bhacainní ar iontráil** i gcás roinnt gairmeacha, e.g. iriseoireacht, leigheas, teagasc, etc.

16 mharc (12+4)

6. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** iarmhairt eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann dá dtitfeadh luach an euro (€) i gcoibhneas le dollar Mheiriceá (\$).
- Praghsanna allmhairí (ó Mheiriceá) níos daoire**
Méadú ar phraghas na n-allmhairí ó Mheiriceá.
Mar thoradh air seo, beidh bille na n-allmhairí níos airde do tháirgeoirí Éireannacha / beidh laghdú ar allmhairí ó Mheiriceá.
Is daoire na costais d'Éireannaigh cuairt a thabhairt ar Mheiriceá – d'fhéadfadh níos lú Éireannach dul ar saoire ansin dá bharr.
 - Praghsanna onnmhairí (go Meiriceá) níos saoire**
Tagann laghdú ar phraghas na n-onnmhairí ó Éirinn go Meiriceá agus uaidh sin, is fusa iad a dhíol.
D'fhéadfadh méadú teacht ar na honnmhairí go Meiriceá dá bharr.
Is saoire na costais do Mheiriceánaigh cuairt a thabhairt ar Éirinn – d'fhéadfadh níos mó Meiriceánach teacht ar saoire anseo dá bharr.
 - Deiseanna Fostaíochta**
D'fhéadfadh méadú teacht ar an bhfostaíocht sna tionscail sin a bhraitheann ar onnmhairí Éireannacha go Meiriceá de bharr méadú féideartha ar na honnmhairí.
 - D'fhéadfadh méadú teacht ar an bhfás faoin ngeilleagar**
D'fhéadfadh ardú teacht ar an gcaiteachas sa gheilleagar de thairbhe cruthú post. Thiocfadh laghdú ar chaiteachas an rialtais i dtaobh leas sóisialach. Beidh tionchar dearfach acu seo le chéile ar ráta fáis an gheilleagair.
 - Infheistíocht Mheiriceá in Éirinn**
D'fhéadfadh sé a bheith níos saoire do ghnólachtaí Mheiriceá earraí caipitiúla a cheannach / infheistiú in Éirinn – d'fhéadfadh méadú teacht ar an infheistíocht dá bharr.

17 mharc (9 marc + 8 marc)

7. Luaigh **trí** chúis a bhfuil gnólachtaí ilnáisiúnta ag athlonnú i dtíortha in Oirdheisceart na hÁise mar Vítneam, an Indinéis agus an Téalainn.
- Costais phá níos ísle:** tá na rátaí pá lasmuigh d'Éirinn níos ísle.
 - Costais táirgthe níos ísle:** is féidir le gnólachtaí tairbhe a bhaint as praghsanna fuinnimh, táillí fónais, costais árachais, táillí gairmiúla, etc. atá níos iomaíche.
 - Creatlach rialála nach bhfuil chomh docht:** d'fhéadfadh sé nach mbeadh na rialacháin chomh docht céanna, rud a chiallaíonn go mbeadh sé ní b'éasca a bheith i mbun feidhme, e.g. d'fhéadfadh ní ba lú reachtaíocht a bheith i bhfeidhm i dtaobh chosaint na timpeallachta.
 - Geilleagair i mbéal forbartha atá i mbun céim fáis:** rochtain ar mhargaí idirnáisiúnta atá ag dul i méid / margaí nua.
 - Forbairt ar theicneolaíocht chumarsáide:** rochtain ar leathanbhanda níos gasta.

17 mharc (10 + 5 + 2)

8. Ceannaíonn tomhaltóir 20 aonad d'Earra A nuair a chosnaíonn Earra B €8. Nuair a ardaíonn praghas Earra B go €10 (fad is a fhanann praghas Earra A gan athrú) ceannaíonn an tomhaltóir 12 aonad d'Earra A. Bain úsáid as foirmle chuí agus ríomh trasleasteachas an éilimh don tomhaltóir seo ar Earra A. (Taispeáin do chuid oibre.) An bhfuil Earra A ina earra ionaid, nó ina earra comhlántach, d'Earra B? Mínigh an freagra.

$$\frac{\Delta Q_A}{\Delta P_B} \times \frac{P_{B1} + P_{B2}}{Q_{A1} + Q_{A2}}$$

$$\frac{-8}{€2} \times \frac{€8 + €10}{20 + 12} \quad (18) \quad (32)$$

$$= -2.25$$

Earra Comhlántach é Earra A. Tá **Trasleasteachas an Éilimh** aige diúltach.

17 mharc (8+5+2+2)

9. I Meán Fómhair 2010 bhí timpeall is 5.1% de chuntais mhorgáiste **i riaráistí** (bhí íocaíochtaí morgáiste gan íoc) de thréimhse 90 lá nó níos mó. Tabhair breac-chuntas ar **dhá chúis** eacnamaíocha leis sin agus ar **dhá ghníomh** a d'fhéadfadh na hinstiúidí airgeadais a dhéanamh chun cabhrú le custaiméirí morgáiste.

Dhá chúis:

1. **Méadú ar rátaí:** toradh ná costaisí breise ar iasachtaí.
2. **Méadú ar an dífhostaíocht:** caillteanas ioncaim agus deacrachtaí le haisíoc morgáistí dá bharr.
3. **Cúlú eacnamaíochta:** tá níos lú ioncaim ag fostaithe de bharr méaduithe cánach / laghduithe pá.
4. **Iasachtú / iasachtaíocht mheargánta:**
 - Tugadh morgáistí 100% agus anois níl na hiasachtóirí ábalta an fiachas a aisíoc;
 - Fuair daoine an iomarca airgid ar iasacht agus anois níl siad ábalta na haisíocaíochtaí sin a íoc ar ais.

Dhá ghníomh:

1. **An conradh iasachta a athsceidealú:**
Fad a chur le tréimhse aisíocaíochta na hiasachta agus an aisíocaíocht mhíosúil a laghdú dá bharr.
2. **Íocaíochtaí úis amháin:**
Aisíocaíochtaí caipitil a chur ar athlá ionas go dtitfidh an íocaíocht mhíosúil.
3. **Íocaíocht phionósach ar bith:** ar nós muirir bhreise úis a ghearrtar orthu siúd atá i riaráiste.
4. **Babhtálacha gnáthscaireanna ar fhiachas:** Páirtúinéireacht a ghlacadh ar an réadmhaoin i gcomaoin aisíocaíochtaí laghdaithe.
5. **Maitheamh fiachais:** dóibh siúd a mheastar nach bhfuil aon deis acu an iasacht a aisíoc – a bhfiachas a chur ar ceal.
6. **Réadmhaoin a athluacháil** de réir luach an mhargaidh agus bun-aisíocaíochtaí úis ar an luach seo.

17 mharc (5 + 4 + 4 + 4)


C.1 Éileamh, Áirgiúlacht, an Prionsabal Comhimeallach d'Iompraíocht Tomhaltóirí

- (a) (i) Sainmhínigh na téarmaí eacnamaíochta a leanas: **éileamh duine (tomhaltóra) aonair; éileamh an mhargaidh.**
(ii) Mínigh, le cúnamh léaráidí maille le lipéid, an gaol idir éileamh duine (tomhaltóra) aonair agus éileamh an mhargaidh. (20)

(i) 6 mharc

Éileamh duine aonair: cainníocht earra a éilíonn tomhaltóir aonair ar phraghsanna éagsúla.

Éileamh an mhargaidh: cainníocht iomlán earra a éilíonn gach tomhaltóir ar phraghsanna éagsúla.



2 léaráid × 3 mharc an ceann: P-ais ghrádaithe; Q-ais ghrádaithe; lipéad C/É uirthi (1 mharc an ceann)

Léaráid an mhargaidh: 5 mharc: P-ais ghrádaithe; Q-ais ghrádaithe (1 mharc an ceann)

C/É carnach ceart: 3 mharc

Le héileamh an mhargaidh a oibriú amach, suimigh an chainníocht a éilíonn gach tomhaltóir aonair ar gach praghas leis an gcainníocht iomlán a éilíonn an margadh ar gach praghas.


3 mharc

- (b) (i) Déan idirdhealú idir bhríonna eacnamaíochta na dtéarmaí ‘gluaiseacht ar feadh chuar an éilimh’ agus ‘athrú ar chuar an éilimh’ ar thicéid i gcomhair ceolchoirme. Léirigh do fhreagra le cúnamh léaráidí.
- (ii) Luaigh agus mínigh **dhá** thoisc ba chúis le hathrú ar chuar an éilimh ar thicéid i gcomhair ceolchoirme. I **ngach** cás, mínigh conas a théann an toisc i bhfeidhm ar chuar an éilimh. (30)

(i) Gluaiseacht ar feadh chuar an éilimh: 8 marc


Athrú ar phraghas díola an earra féin is cúis leis seo, ceteris paribus / gach rud eile a bheith mar an gcéanna

Léaráid:



Athrú ar chuar an éilimh: 8 marc

Má athraíonn aon cheann de na tosca seachas praghas an earra féin, beidh athrú ar chuar an éilimh.



- (ii) Dhá thoisc ba chúis le hathrú ar chuar an éilimh ar thicéid i gcomhair ceolchoirme:

Toisc	Conas a théann an toisc seo i bhfeidhm ar chuar an éilimh – Bogann cuar an éilimh ar dheis
Leibhéil ioncaim	Má thagann méadú ar ioncam, tiocfaidh méadú ar an éileamh ar thicéid, má ghlacaimid leis gur gnáthearra é ticéad ceolchoirme.
Dúil / Tosaíocht	Má thagann méadú ar thosaíocht an tomhaltóra i dtaobh an cheoltóra / imeachta, tiocfaidh méadú ar an éileamh ar thicéid.
Ionchais faoin todhchaí	Má cheapann an tomhaltóir nach mbeidh a leithéid de cheolchoirm ann arís, d’fhéadfaidís an t-éileamh a mhéadú. Má cheapann siad go dtiocfaidh ardú ar phraghas na dticéad amach anseo, d’fhéadfaidís an ticéad a cheannach anois agus beidh méadú ar an éileamh.
Imeachtaí gan choinne	D’fhéadfadh tosca ar nós na haimsire dul i bhfeidhm ar an éileamh reatha ar thicéid / ar dhíol reatha ticéad, e.g. d’fhéadfadh méadú teacht ar imeacht amuigh faoin spéir má bhíonn aimsir mhaith ann.
Athrú ar phraghas an earra ionadaíoch	Dá dtiocfadh méadú ar an bpraghas i gcomhair ceolchoirm eile, d’fhéadfadh méadú teacht ar an éileamh ar na ticéid le haghaidh na ceolchoirme seo.
Athrú ar phraghas an earra chomhlántaigh	Dá dtiocfadh laghdú ar an bpraghas i gcomhair cóiríocht óstáin gar d’ionad na ceolchoirme, d’fhéadfadh méadú teacht ar an éileamh ar na ticéid le haghaidh na ceolchoirme.
2 × 7 marc an ceann	

- (c) De réir mar a dhéantar a thuilleadh de tháirge a thomhailt, dar le Dlí na hÁirgiúlachta Imeallaí Laghdaithí, is amhlaidh is lú sa deireadh an áirgiúlacht bhreise (áirgiúlacht imeallach) a sholáthraíonn gach aonad breise den earra.

(i) Mínigh **dhá** bhonn tuisceana a ghabhann le Dlí na hÁirgiúlachta Imeallaí Laghdaithí.

Ceannaíonn tomhaltóir atá i gcothromaíocht 6 bharra dea-shláinte ar €0.80 an ceann agus 9 gcartán sú ar €1.50 an ceann. Is é áirgiúlacht imeallach an 6ú barra dea-shláinte ná 40 *util*.

(ii) Bain úsáid as an bPrionsabal Comhimeallach d'Iompraíocht Tomhaltóirí agus ríomh áirgiúlacht imeallach an naoú cartán sú. (Taispeáin do chuid oibre.) (25)

(i) Boinn tuisceana a ghabhann le Dlí na hÁirgiúlachta Imeallaí Laghdaithí.

1. Bíonn feidhm leis tar éis pointe áirithe ar a dtugtar an bunphointe.

Is é an bunphointe íoschainníocht an tráchtearra is féidir a úsáid go héifeachtach, agus go dtí go mbaintear an chéim seo amach ní thiocfaidh laghdú ar an áirgiúlacht imeallach.

2. Ní bhaineann sé le hearraí andúile.

D'fhéadfadh an tomhaltóir áirgiúlacht imeallach mhéadaithe a bhaint amach ach gach aonad breise d'earra andúile a thomhailt.

3. An Tréimhse ama idir thomhaltas aonad leantach. Ní dheachaigh go leor ama thart idir thomhaltas aonad leantach.

Má itheann duine roinnt oráistí, gabhfaidh áirgiúlacht imeallach laghdaithe le gach oráiste breise a itear. Má itheann duine ceann ar an Luan, ceann Déardaoin agus ceann ar an Domhnach, áfach, d'fhéadfadh sé tarlú nach laghdódh an áirgiúlacht imeallach de bharr an ama a chuaigh thart idir thomhaltas gach oráiste breise.

4. Ní athraíonn 'tosca eile' a théann i bhfeidhm ar an áirgiúlacht.

Tá an Dlí bunaithe ar an mbonn tuisceana nach n-athraíonn tosca eile a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar áirgiúlacht tomhaltóra, lena n-áirítear leibhéil ioncaim, nádúr aonad leantach an tráchtearra, dúil an tomhaltóra sa tráchtearra.

2 × 6 mharc an ceann

(ii) Áirgiúlacht imeallach an naoú cartán sú. (Taispeáin do chuid oibre.)

$$\frac{40}{80} = \frac{X}{150}$$

$$= 75 \text{ util}$$

13 mharc (9+4)

C.2 Olagaplacht

- (a) *Creideann anailisithe Teileachumarsáide áirithe go bhfuil olagaplacht á stiúradh ag príomh-sholáthróirí na seirbhísí fón póca in Éirinn – Vodafone, O2, Meteor agus 3 – agus gur beag cúis atá acu le margadh fíor-iomaíoch a chruthú.* (The Irish Times, Samhain, 2010)
- (i) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** phríomhghné de mhargadh olagaplach.

Is féidir cuspóirí seachas uasmhéadú brabúis a bheith ag gnólachtaí a fheidhmíonn i margadh olagaplach.

- (ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chuspóir a d'fhéadfadh a bheith ag gnólachtaí in olagaplacht, seachas an leibhéal is airde brabús a bhaint amach. (25)
- (i) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** phríomhghné de mhargadh olagaplach.

1. Beagán díoltóirí sa tionscal.

Is féidir le gach díoltóir tionchar a imirt ar phraghas an tráchtearra agus/nó ar an aschur a dhíoltar dá thoradh.

2. Idirspleáchas idir ghnólachtaí.

Ní fheidhmíonn gnólachtaí in olagaplacht go neamhspleách óna chéile. Cuirfidh siad uile freagairtí dóchúla a gcuid iomaitheoirí san áireamh agus is é sin an fáth a mbíonn na praghsanna docht de ghnáth.

3. Tarlaíonn Dífreaíl Táirgí.

Ionadaithe comhchosúla iad na tráchtearraí a dhíolann gnólachtaí. Rachaidh gnólachtaí i mbun fógraíochta d'fhonn cur ina luí ar thomhaltóirí an táirge seo acusan a cheannach seachas táirge an iomaitheora.

4. Bacainní ar iontráil.

Is coitianta iad seo i margadh olagaplach toisc go mbeidh sé de mhian ag gnólachtaí reatha a sciar den mhargadh a choinneáil. Ar na samplaí de na bacainní seo tá na costais arda a bhaineann le tosú sa tionscal, iomadú branda, etc.

5. D'fhéadfadh claonpháirteachas tarlú.

D'fhéadfadh gnólachtaí sa tionscal teacht le chéile leis an aschur sa tionscal a rialú agus/nó le praghsanna a rialú, e.g. OPEC.

6. Is coitianta an iomaíocht neamhphraghais ná iomaíocht faoi phraghsanna.

Mar gheall ar an bhfáitíos a bhíonn ar ghnólachtaí faoi fhreagairt a gcuid iomaitheoirí, ní gnách go dtéann siad i mbun iomaíochta faoi phraghsanna, ach téann siad i mbun iomaíocht neamhphraghais le tomhaltóirí a mhealladh.

3 ghné × 5 mharc an ceann

- (ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chuspóir a d'fhéadfadh a bheith ag gnólachtaí in olagaplacht, seachas an leibhéal is airde brabús a bhaint amach.

1. Idirghabháil / cur isteach an rialtais sa mhargadh a chosc

D'fhéadfadh faitíos a bheith ar ghnólachtaí go dtarraingeodh brabús osnormálta idirghabháil rialtais sa mhargadh le srian a chur le gníomhaíochtaí an ghnólachta.

2. Iontráil gnólachtaí nua sa tionscal a dhíspreagadh

D'fhéadfadh gnólachtaí praghsanna a chinneadh ag leibhéal íseal a bhfuil de chuspóir aige iontráil gnólachtaí nua sa tionscal a dhíspreagadh (praghsáil teorann). Tréigean siad brabús níos airde faoi láthair ar son brabús fhéideartha níos airde amach anseo de bharr an bheartais seo.

3. Uasmhéadú díolachán / sciar méadaithe an mhargaidh

A luaithe a thuilltear íosleibhéal brabús le luach saothair a thabhairt do scairshealbhóirí, cistí a sholáthar i gcomhair athinfheistíochta, etc., d'fhéadfadh an gnólacht díriú ar dhíolacháin a uasmhéadú; ag méadú a sciar den mhargadh. B'fhéidir go mbeadh sé ar intinn acu barainneachtaí scála a bhaint amach; leibhéal díolachán na n-iomaitheoirí eile a laghdú; stádas a bhaint amach mar an gnólacht is mó sa mhargadh.

4. Dóthain brabús a choinneáil.


- B'fhéidir gurbh fhearr le húinéir an ghnólachta leibhéal cobhsaí / measartha de bhrabús imleor a thuilleamh seachas a bheith i gcónaí sa tóir ar bhrabús osnormálta ós rud é gurb é seo a bhfuiltear sásta leo.
- I gcás nach úinéirí iad na bainisteoirí, d'fhéadfaidís a bheith i bhfabhar cur chuige ní ba chomhaimseartha seachas i bhfabhar cur chuige fuinniúil a bhaineann le huasmhéadú brabús.

2 × 5 mharc an ceann

- (b) Le cúnamh léaráide **amháin** a bhfuil lipéid shoiléire uirthi:
- Mínigh an cruth a bhíonn ar chuar an éilimh a bhfuil ‘cor’ ann agus a bhíonn ag gnólacht in olagaplacht.
 - Mínigh staid na cothromaíochta fadtréimhsí a bhíonn ag gnólacht den sórt seo. (25)

Léaráid: 9 marc

Ais an phraghais
Ais na cainníochta
C/É a bhfuil cor ann
Cuar suntasach MR
MC
AC
P_1
Q_1
Pointe G



- (i) Cruth chuar an éilimh: **8 marc**

Cuar an éilimh – AB

Má mhéadaíonn an gnólacht seo a phraghsanna, ní athróidh gnólachtaí eile a bpraghsanna féin agus caillfidh an gnólacht seo mórán custaiméirí dá thoradh – tá an chuid seo den C/É leaisteach.

Cuar an éilimh – BC

Má laghdaíonn an gnólacht seo a phraghsanna, meaitseálfaidh gnólachtaí eile an laghdú seo agus ní mheallfaidh an gnólacht seo ach beagán custaiméirí breise – tá an chuid seo den C/É neamhleaisteach.

- (ii) Staid na cothromaíochta fadtréimhsí a bhíonn ag gnólacht den sórt seo: **8 marc**

- Tarlaíonn cothromaíocht ag pointe G áit a bhfuil (a) $MC = MR$ & (b) MC ag méadú
- Táirgfidh an gnólacht Q_1 and díolfaidh siad an t-aschur seo ar phraghas P_1
- Taispeántar costas táirgthe an ghnólachta ag pointe G.
- Má ardaíonn na costais idir pointí D agus E, is gnách go bhfanann praghas an mhargaidh tairiseach ag P_1 .
- Tá an gnólacht seo ag tuilleamh Brabús Osnormálta toisc go sáraíonn AR ar AC nó go bhfuil bacainní ar iontráil ann.

- (c) Deirtear gur fearr le tomhaltóirí go mbeadh iomaíocht faoi phraghsanna sa mhargadh, ach mar sin féin bíonn buntáistí ann do thomhaltóirí ag éirí as an iomaíocht neamhphraghais.
- (i) Mínigh **dhá** chúis go mb'fhéidir gur fearr le tomhaltóirí iomaíocht faoi phraghsanna.
 - (ii) Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste do thomhaltóirí a bhaineann leis an iomaíocht neamhphraghais. (25)

(i) Cúiseanna go mb'fhéidir gur fearr le tomhaltóirí iomaíocht faoi phraghsanna

1. Pragsanna níos ísle / luach ar airgead

Bainfidh tomhaltóirí leas as tráchtearraí a bheith ar fáil ar phraghsanna níos ísle. Beidh tomhaltóirí ábalta luach níos fearr a fháil ar a n-ioncam teoranta.

2. Ioncam indiúscartha níos airde

Beidh ioncam indiúscartha níos airde ag tomhaltóirí anois de bharr praghsanna níos ísle agus beidh caighdeán níos fearr maireachtála acu freisin.

3. Níos mó roghanna

Ós rud é go bhfuil ioncam indiúscartha níos mó ag tomhaltóirí anois, is féidir leo an bealach leis an ioncam breise seo a chaitheamh a roghnú.

4. Is fearr í ná bearta iomaíochta neamhphraghais mar:

- Íocann tomhaltóirí as bearta iomaíochta neamhphraghais, e.g. fógraíocht;
- D'fhéadfadh na tairiscintí a bheith gan iarraidh / ar bheagán luacha; d'fhéadfadh sé tarlú nach mbainfí úsáid as na hairíochtaí, etc.

(ii) Buntáistí a bhaineann leis an iomaíocht neamhphraghais.

1. Aitheantas do dhílseacht na dtomhaltóirí

Féadfaidh tomhaltóirí, ach a gcuid siopadóireachta a dhéanamh i siopaí áirithe, pointí dílseachta a fháil; is féidir leo na pointí seo a úsáid ar a rogha bhealach.

2. Cobhsaíocht sna pragsanna

Ciallaíonn iomaíocht neamhphraghais nach n-athraíonn pragsanna i gcónaí agus, ar an ábhar sin, ní gá do thomhaltóirí a bheith buartha faoi chailleadh amach ar shladmhargaí / b'fhéidir go mbeidh siad níos ábalta buiséadú ar a son féin.

3. Tráchtearraí / seirbhísí de chaighdeán níos fearr

D'fhéadfadh gnólachtaí caighdeán a gcuid tráchtearraí a fheabhsú; seirbhís ní b'fhearr agus/nó seirbhís iardhíola ní b'fhearr a thabhairt do thomhaltóirí.

4. Tugann sí deis choigilte do thomhaltóirí agus/nó deis chun bronnánais atá 'saor in aisce' a fháil

Tig le tomhaltóirí, má bhíonn siad i mbun siopadóireachta go rialta, a gcuid pointí dílseachta a 'choigilt' le haghaidh na dtréimhsí sin ina gcaitear níos mó airgid, e.g. um Nollaig, um Cháisc, etc. D'fhéadfadh tomhaltóirí leas a bhaint as bronnánais 'saor in aisce' ó mhiondíoltóirí, e.g. turcaithe saor in aisce um Nollaig.

5. Tomhaltóirí níos eolaí

D'fhéadfadh tomhaltóirí tuilleadh faisnéise a fháil faoi tháirgí agus faoi sheirbhísí de bharr fógraíochta agus, uaidh sin, d'fhéadfaidís roghanna ní b'eolaí a dhéanamh.

25 mharc (7+6+6+6)

C.3 Táirgiúlacht Imeachach Ioncaim, Infheistíocht, Infheistíocht in iompar poiblí

- (a) (i) Sainmhínigh an téarma Táirgiúlacht Imeachach Ioncaim (*MRP* i mBéarla) mar a bhaineann le toisc tháirgeachta.
- (ii) Luaigh agus mínigh **dhá** toisc atá in ann tionchar a imirt ar an Táirgiúlacht Imeachach Ioncaim.
- (iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dheacracht a d'fhéadfadh a theacht chun cinn le linn an Táirgiúlacht Imeachach Ioncaim a thomhas. (25)

(i) *MRP*:

An t-ioncam breise a thuilltear nuair a bhaintear leas as aonad breise toisc tháirgeachta.

5 mharc

(ii) Dhá toisc atá in ann tionchar a imirt ar an *MRP*.

1. Táirgiúlacht / tiomantas na toisca.

Tuillfidh toisc níos mó *MRP* mar gheall ar a tháirgiúla a bhíonn gach toisc bhreise a úsáidtear. Beidh duine níos táirgiúla mar gheall ar a choinsiasaí a bhíonn siad.

2. Praghas díola an aschuir.

Má bhíonn an praghas díola a fhaightear ar an margadh ag dul i méid nó tairiseach (seachas ag titim), beidh *MRP* na toisce sin níos airde dá bharr.

3. Dlí an éilimh.

Ar an margadh, stiúran dlí an éilimh nach mór an praghas a laghdú d'fhonn níos mó a cheannach – imríonn sé seo tionchar ar an *MR* a fhaigheann an gnólacht.

4. Caighdeán / Nádúr speisialaithe na dtosca / Tallann uathúil.

Má thagann feabhas ar chaighdeán na toisce a úsáidtear d'fhéadfadh an toisc sin éirí ní b'éifeachtúla – tháirgfeadh sé seo aschur breise agus bheadh *MRP* méadaithe le sonrú dá bharr.

5. Oiliúint / Oideachas a chur ar fáil do na toisca.

Má bhíonn an toisc níos oile / má bhain sí dea-chaighdeán oideachais amach, d'fhéadfadh sí éirí ní b'oile agus bheadh sé seo ina chúis le héifeachtacht mhéadaithe agus le haschur breise.

6. Saineolas an fhiontraí.

Má bhíonn an fhiontraí saneolach ar eagrú an aonaid táirgthe, d'fhéadfadh gach toisc a bheith ní ba tháirgiúla agus oibriú de réir a n-uaséifeachtachta.

7. Dlí an Toraidh Laghdaithigh.

De réir mar a bhaintear úsáid as gach aonad breise toisce, bainfear pointe amach ina dtiocfaidh laghdú ar an aschur breise a tháirgfeadh agus tiocfaidh laghdú ar an *MRP* dá bharr.

2 phointe × 5 mharc an ceann

- (iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dheacracht a d'fhéadfadh a theacht chun cinn le linn an Táirgiúlacht Imeachach Ioncaim a thomhas.

1. Ní tháirgeann gach toisc aschur fisiciúil.

Ní tháirgtear aon aschur fisiciúil i gcás ina soláthraítear seirbhísí agus ní féidir *MRP* a thomhas dá bharr.

2. Aschur nach ndíoltar sa mhargadh.

San earnáil phoiblí nuair nach ndíoltar aschur sa mhargadh, is deacair an *MRP* a ríomh.

3. Caipitil agus saothar le chéile chun aschur breise a tháirgeadh.

Is deacair an méid a dhéanann gach toisc aonair a thomhas.

2 phointe × 5 mharc an ceann

- (b) *‘Le deich mbliana anuas tá an Infheistíocht Chaipitiúil tar éis dlús a chur leis an dul chun cinn eacnamaíoch in Éirinn; ba í ab údar na hacmhainne agus na scóipe chun’.*
(An Plean um Théarnamh Náisiúnta 2011 – 2014)

- (i) Luaigh agus mínigh trí chúis a bhfuil an infheistíocht tábhachtach do gheilleagar na hÉireann.
(ii) Déan cur síos ar thrí thoisce a imríonn tionchar i láthair na huaire ar an leibhéal infheistíochta a dhéantar i ngeilleagar na hÉireann. (30)

- (i) Luaigh agus mínigh trí chúis a bhfuil an infheistíocht tábhachtach do gheilleagar na hÉireann.

1. Méadú ar an gcumas táirgthe

Ligeann níos mó infheistíochta don tír tuilleadh aschuir a tháirgeadh / téann sí in ionad acmhainní caite caipitil.

2. Méadú ar tháirgiúlacht saothair

Ligeann níos mó infheistíochta don saothar éirí níos éifeachtúla. Ligeann an infheistíocht d’oibrithe úsáid a bhaint as earraí caipitiúla níos nua agus éiríonn siad níos éifeachtúla dá bharr.

3. Méadú ar an bhfostaíocht:

Méadaíonn infheistíocht bhreise an t-éileamh comhiomlán agus ar an ábhar sin, bíonn éileamh ar níos mó fostaithe le freastal ar an éileamh breise seo ar earraí agus ar sheirbhísí.

4. Méadú ar an OTN

Bíonn méadú ar an infheistíocht ina chúis le OTN níos airde, níos mó éilimh, níos mó caiteachais agus caighdeán níos fearr maireachtála.

5. Gineann an infheistíocht saibhreas don gheilleagar amach anseo

Ciallaíonn infheistíocht sa gheilleagar go bhfuilimid ag cosaint cumas cruthaithe saibhris na tíre amach anseo trína chinntiú go bhfuil earraí caipitiúla againn sa todhchaí.

6. Méadú ar ioncaim rialtais

Beidh méadú ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch de bharr méadú ar an infheistíocht. Cruthóidh sé seo ioncaim bhreise don rialtas lena n-úsáid sa tsochaí.

3 phointe × 5 mharc an ceann

- (ii) Déan cur síos ar **thrí** thoisc a imríonn tionchar i láthair na huaire ar an leibhéal infheistíochta a dhéantar i ngeilleagar na hÉireann.

1. Rátaí úis / Costas iasachtaíochta

Tagann méadú ar chostas iasachtaíochta faoi mar a thagann méadú ar rátaí úis. Dá bhrí sin, is lú an brabús a thuillfear. Dá bhrí sin, titfidh an infheistíocht / d'fhéadfadh an Éifeachtúlacht Imeachach Chaipitil titim.

2. Ionchais an lucht gnó

I láthair na huaire, tá cuid mhór den lucht gnó duairce faoin ngeilleagar agus is lú seans go ndéanfaidh siad infheistíocht dá bhrí sin.

Tá lucht gnó na hÉireann níos duairce faoin todhchaí ar roinnt cúiseanna: rátaí cánach a d'fhéadfadh a bheith ní b'airde in Éirinn; rátaí úis níos airde; drochrátaí fáis an gheilleagair.

3. Beartais eacnamaíochta an rialtais

Má bhíonn beartas an rialtais i bhfabhar na hinfheistíochta, is gnách go n-ardaíonn an infheistíocht. I measc na samplaí de bheartais fhabhracha tá deontais stáit mhealltacha, beartas chun an cháin chorparáide a choinneáil ag na leibhéil reatha, forbairt leanúnach ar an mbonneagar, etc. Beartas an rialtais maidir le deiseanna breise oiliúna a chur ar fáil; d'fhéadfadh laghdú ar an CBL i roinnt tionscal agus laghdú ar an ÁSPC d'oibrithe breise a fhostaítear infheistíocht a mhealladh go hÉirinn.

4. An timpeallacht gheilleagrach idirnáisiúnta

Geilleagar oscailte í Éire a bhraitheann ar infheistíocht eachtrach.

Má bhíonn an timpeallacht gheilleagrach idirnáisiúnta ag meathlú, d'fhéadfadh laghdú teacht ar an éileamh agus dhéanfaí dochar do ghnólaicthe Éireannacha dá bharr.

5. Éifeachtúlacht imeallach chaipitil

Dá mhéad an Éifeachtúlacht Imeachach Chaipitil a d'fhéadfadh a bheith ag aon tionscadal féideartha infheistíochta is ea is dóchúla go ndéanfar an infheistíocht.

6. Cobhsaíocht san earnáil bhaincéireachta

Ba cheart go mbeadh beartas an stáit chun an earnáil bhaincéireachta a chobhsú ina chúnamh don sreabhadh creidmheasa agus dul i riosca a spreagadh dá bharr.

7. Costas na n-earraí caipitiúla

Dá mhéad an costas a ghabhann le hearraí caipitiúla is ea is ísle a bhíonn brabúsacht na hinfheistíochta agus, uaidh sin, is gnách go dtiteann an infheistíocht.

8. Lucht saothair oilte agus Béarla acu a bheith ar fáil

Lucht labhartha Béarla an lucht saothair anseo agus d'fhéadfadh sé sin infheistíocht a tharraingt.

Tá am ag daoine iad féin a athoiliúint le linn na tréimhse dífhostaíochta seo.

Tá lucht saothair ardoilte ar fáil in Éirinn faoi láthair.

3 phointe × 5 mharc an ceann

- (c) Cuir comhairle ar an Aire Iompair faoi **dhá** bhuntáiste eacnamaíocha agus faoi **dhá** mhíbhuntáiste eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ag baint le hairgead a infheistiú sa chóras iompair poiblí, in ionad airgead a infheistiú chun bóithre nua a thógáil. (20)

Buntáistí eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann	Mhíbhuntáistí eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann
Úsáid níos fearr as acmhainní atá gann Bainfidh gach paisinéir níos lú úsáide as breosláí iontaise agus sábhálfar acmhainní atá gann dá bharr.	D'fhéadfadh an infheistíocht a bheith ní ba chostasáí ná an infheistíocht a chuirfí i mbóithre D'fhéadfadh an costas a bheadh i gceist le hinfeistíocht a chur in iompar poiblí a bheith ní ba mhó ná an infheistíocht a chuirfí i dtógáil bóithre.
Bonneagar poiblí níos fearr / Forbairt réigiúnach Rachaidh sé seo chun leasa don tsochaí agus beidh sé ina chúis le caighdeán maireachtála níos fearr ó na háiseanna feabhsaithe iompair phoiblí. Tuilleadh forbartha ar cheantair thuaithe – soghluaisteacht gheografach an tsaothair	Daoine i gceantair thuaithe faoi mhíbhuntáiste. Mura ndéantar ach infheistíocht i gceantair ina bhfuil daonra mór, ní bheidh daoine i gceantair thuaithe in ann leas a bhaint as na seirbhísí seo.
Astuithe CO₂ laghdaithe / Cosaint níos fearr ar an gcomhshaol Má bhaineann níos mó daoine úsáid as iompar poiblí agus má bhaineann siad níos lú úsáide as carranna, beidh níos lú astuithe le sonrú / beidh níos lú pionós le gearradh faoi chomhaontú Kyoto.	Caillteanas ioncam cánachais Má laghdaíonn úsáideoirí príobháideacha iompair a n-úsáid, d'fhéadfadh caillteanas CBL, máil agus dleachtanna ar mhótarchánach chuig an stát teacht chun cinn.
Laghdú ar phlódú tráchta Ba cheart go dtitfeadh na costais a bhaineann le plódú tráchta de bharr níos lú tráchta ar na bóithre.	Fóirdheontais ón stát D'fhéadfadh fóirdheontais leanúnacha arna n-íoc ag an rialtas a bheith ag teastáil ó iompar poiblí lena úsáid a spreagadh, e.g. fóirdheontas do CIÉ, etc.
Laghdú ar allmhairí Dá mbainfeadh níos mó daoine úsáid as iompar poiblí, d'fhéadfadh laghdú teacht ar allmhairiú carranna agus ola.	Athrú ar bith ar iompraíocht na n-úsáideoirí bóithre Mura dtagann laghdú ar líon na n-úsáideoirí bóithre, b'fhéidir gur mí-úsáid acmhainní í infheistíocht in iompar poiblí.
Méadú ar an bhfostaíocht: Má thagann méadú ar an éileamh, d'fhéadfadh soláthróirí iompair níos mó fostaíochta a chruthú. Poist fhadtéarmacha iad.	D'fhéadfaí malairt an phointe seo a argóint
Buntáistí do sholáthróirí iompair Má bhaineann níos mó daoine úsáid as an iompar poiblí: tiocfaidh méadú ar ioncam na soláthróirí agus cuirfear le leanúnachas na seirbhíse; d'fhéadfadh sé cuidiú le fóirdheontais an stáit a laghdú agus d'fhéadfadh sé go mbainfí amach barainneachtaí scála agus go mbeadh na praghsanna níos ísle dá bharr.	Costais de bharr gan infheistiú sna bóithre D'fhéadfadh meath teacht ar bhonneagar na mbóithre; d'fhéadfadh méadú teacht ar chostais lucht gnó; d'fhéadfadh Éire titim ar gcúl sna forbairtí idirnáisiúnta ar na bóithre.
2 × 5 mharc	2 × 5 mharc

C.4 Costais

Léirítear sa tábla thíos na costais táirgeachta ghearrthréimhseacha ag gnólacht beag a tháirgeann agus a dhíolann troscán cistine.

Líon na n-aonad aschuir	Costais Sheasta	Costais Athraitheacha	Costais Iomlána
	€	€	€
1	400	600	1,000
2	400	1,200	1,600
3	400	1,850	2,250
4	400	2,900	3,300
5	400	4,100	4,500

(a) (i) Le cúnamh an eolais sa tábla thuas déan na nithe seo a leanas a ríomh:

- An **costas imeallach** a bhaineann leis an 4ú haonad a tháirgeadh.
- An **meánchostas** a bhaineann le 5 aonad a tháirgeadh.
- An **brabús** a shaothraíonn an gnólacht de bharr 5 aonad aschuir a dhíol ar €1,200 an t-aonad. (Taispeáin do chuid oibre.)

(ii) Le cúnamh an eolais sa tábla thuas, tarraing cuar an mheánchostais (MCh) ghearrthréimhsigh ag an ngnólacht. Mínigh na cúiseanna atá le cruth an chuair. (30)

(i) 12 mharc

- An **costas imeallach** a bhaineann leis an 4ú haonad a tháirgeadh

$$€3,300 - €2,250 = €1,050$$


- An **meánchostas** a bhaineann le 5 aonad a tháirgeadh

$$\frac{€4,500}{5} = €900$$

- An **brabús** a shaothraíonn an gnólacht de bharr 5 aonad aschuir a dhíol ar €1,200 an t-aonad

$$5 \times €1,200 (€6,000) - €4,500 = €1,500$$

(ii) Léaráid: 12 mharc. Míniú: 6 mharc



Fána anuas:

- CS laghdaitheach in aghaidh an aonaid / CS leathnaithe amach thar líon níos mó d'aonaid aschuir

nó

- Speisialtóireacht saothair: cuidíonn sí leis an gcostas in aghaidh an aonaid a laghdú

Fána aníos:

- CA méadaitheach in aghaidh an aonaid de bharr Dhlí an Toraidh Laghdaitheach.

- (b) *‘Tá an costas a bhaineann le gnó a dhéanamh in Éirinn ag titim. Mar sin féin, tá costais áirithe ag ardú i gcónaí nó fós réasúnta ard’.* (Tuarascáil ón gComhairle Náisiúnta Iomaíochais, 2010)
- (i) Déan plé ar na buntáistí eacnamaíocha do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le titim sna costais táirgeachta.
- (ii) Tabhair breac-chuntas ar na srianta a d’fhéadfadh a bheith le fás gnólachtaí i ngeilleagar na hÉireann faoi láthair. (30)
- (i) Déan plé ar na buntáistí eacnamaíocha do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le titim sna costais táirgeachta.

1. Méadú ar iomaíochas

D’fhéadfadh praghsanna titim i dtaca le hearraí Éireannacha de bharr costas ní b’ísle agus d’fhéadfadh onnmhairí éirí ní ba shaoire.

2. Praghsanna níos ísle

D’fhéadfadh boilsciú titim de bharr praghsanna ní b’ísle agus d’fhéadfadh sé seo tomhaltóirí a mhealladh le níos mó earraí a cheannach.

3. Méadú ar an éileamh

D’fhéadfadh méadú teacht ar éileamh gnólachtaí agus d’eascródh méadú ar dhíolacháin agus ar bhrabús as seo, chomh maith le todhchaí ní ba chinnte. D’fhéadfadh méadú teacht ar an ioncam as cáin don rialtas freisin.

4. Méadú ar an bhfostaíocht:

Mar thoradh ar mhéadú ar éileamh, d’fhéadfadh gnólachtaí a n-éileamh ar shaothar a mhéadú / an saothar atá acu a choinneáil.

5. Infheistíocht a mhealladh / Cáil idirnáisiúnta níos fearr

Spreagfar fairsingiú de bharr costas níos ísle do ghnólachtaí agus meallfar gnólachtaí eachtracha go hÉirinn.

6. D’fhéadfadh méadú teacht ar an mbrabús

D’fhéadfadh méadú teacht ar bhrabús gnó de bharr costas ní b’ísle agus bheadh sé seo ina ábhar le méadú ar ioncam ó Cáin Bhrabúis Chorporáide.

3 phointe × 5 mharc an ceann

- (ii) Tabhair breac-chuntas ar na srianta a d’fhéadfadh a bheith le fás gnólachtaí i ngeilleagar na hÉireann faoi láthair.

1. Fáil theoranta ar chreidmheas

Tá easpa creidmheasa ann de thoradh na géarchéime baincéireachta agus is bacainn mhór í seo le fairsingiú gnó.

2. Laghdú ar éileamh sa bhaile

De bharr an chúlaithe leantaigh eacnamaíochta, tá laghdú mór ar an gcaiteachas agus, uaidh sin, tá laghdú ar an éileamh sa bhaile agus tá níos lú deiseanna gnó ann.

3. Comhaontuithe sriantacha pá

An pá íosta atá ann; cuireann comhaontuithe na gComhchoistí Oibreachais srian le cumas gnólachtaí daoine a fhostú agus cuirtear srian le cumas fairsingithe / fáis na ngnólachtaí dá thoradh.

4. Ceanglais / creatlach reachtaíochta

B’fhéidir go mbeidh cead ag teastáil ón údarás áitiúil, comhlacht stáit, etc. Mar shampla, ní mór riachtanais áirithe a chomhlíonadh más mian le duine cur le bialann.

5. Reachtaíocht i leith cumaisc / táthcheangail

D’fhéadfaí imscrúdú a dhéanamh faoi reachtaíocht an AE (Éire) i leith cumaisc agus táthcheangail ar roinnt gnólachtaí ar mhian leo fairsingiú. Níor ceadaíodh táthcheangal beartaithe Aer Lingus ag Ryanair faoi dhlíthe an AE.

6. Ardchostais táirgthe.

Bíonn sé deacair ar ghnólachtaí fairsingiú de bharr ardchostais oibriúcháin, e.g. rátaí, costais fiontais, costais árachais agus costais amhábhair. Bíonn sé níos costasaí iasacht a fháil de thoradh ardrátaí úis.

3 phointe × 5 mharc an ceann

- (c) Meastar gur chosain doirteadh ola British Petroleum (BP) i Murascaill Mheicsiceo \$40 bn san iomlán. Sainaithin **dhá** chostas a bheidh ar BP agus **dhá** chostas a bheidh ar an tsochaí mar gheall ar an doirteadh ola seo. (15)

Costais ar BP – Costais phríobháideacha	Costais ar an tsochaí – Costais shóisialta
An costas a bhainfidh le deisiú an rige ola atá lochtach Caithfidh BP íoc as an trealamh, as an saothar agus as costais eile a bhaineann leis an obair.	Damáiste don chomhshaol Bíonn an tsochaí thíos as an damáiste a dhéantar d’uiscí, d’fhiadhúlra agus d’áilleacht nádúrtha an cheantair.
Costais ghlantacháin Caithfidh siad íoc as glanadh na n-uiscí a ndearnadh dochar dóibh agus go dtí an líne chladaigh.	Costas an imscrúdaithe / an ghlantacháin Caithfidh na cáiníocóirí íoc as na costais a bhaineann leis an imscrúdú ar an tubaiste agus as na costais ghlantacháin do phobail.
Costais chúitimh Na hiascairí agus don lucht gnó a chaill gnó mar gheall ar an doirteadh ola.	Cur isteach ar phobail áitiúla / ar an turasóireacht Tá meath ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch sna pobail áirithe sin de bharr dhoirteadh na hola / tá sé seo ina chúis le caillteanas post.
Laghdú ar an scairphraghas / ar luach sócmhainní Thit luach margaidh na cuideachta agus ní mór do na scairshealbhóirí an costas seo a sheasamh.	Damáiste don bhiashlabhra D’fhéadfadh soláthar srianta (éisc) a bheith ann mar gheall ar an doirteadh ola agus chuirfeadh sé seo méadú ar na praghsanna.
Laghdú ar an mbrabús Bhí laghdú ar na díolacháin agus bhí ní ba lú brabús le sonrú de bharr táirgeadh a cailleadh.	Praghsanna níos airde ola Bhí ganntanais agus praghsanna idirnáisiúnta ní b’airde ola le sonrú de bharr laghdú ar an soláthar.
Ola chailte Chaill BP na tonnaí ola ar íoc siad go daor astu go dtí gur cóiríodh an tobar.	
Damáiste don cháil Fuair an chuideachta an dúrud drochphoiblíochta agus chuir sí seo isteach go mór ar íomhá na cuideachta.	
Fíneálacha rialtais Beidh fíneálacha móra le híoc ag an gcuideachta le rialtas Mheiriceá as an tsábháilteacht a shárú agus as an damáiste a d’eascair uaidh sin uile.	

15 mharc (4+4+4+3)

C.5 Beartas fioscach, Príobháidiú agus Bille Pá na hEarnála Poiblí

- (a) Ráiteas ar bheartas fioscach an Rialtais is ea an Cháinainnéis. Sa Phlean um Théarnamh Náisiúnta 2011-2014 rinne an Rialtas gealltanais go laghdófaí Easnamh Ginearálta an Rialtais go dtí faoi bhun 3% den Olltáirgeacht Intíre (*GDP i mBéarla*) faoin mbliain 2014.
- (i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
 - (ii) Luaigh agus mínigh **ceithre** iarmhairt eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann do gheilleagar na hÉireann mar gheall ar phlean an rialtais an t-easnamh a laghdú go suntasach le linn na gceithre bliana seo atá le teacht. (30)

- (i) Mínigh an téarma 'beartas fioscach':

Aon ghníomh a dhéanann an rialtas a imríonn tionchar ar uainiú, ar mhéid agus ar struchtúr an chaiteachais agus an ioncaim reatha.

10 marc

- (ii) **Ceithre iarmhairt eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann** do gheilleagar na hÉireann mar gheall ar phlean an rialtais an t-easnamh a laghdú go suntasach le linn na gceithre bliana seo atá le teacht:

1. Laghdú ar an gcaighdeán maireachtála

Beidh ioncam indiúscartha níos ísle ag cáiníocóirí mar gheall ar chánacha níos airde agus tiocfaidh laghdú ar a gcaighdeán maireachtála.

2. Seirbhísí poiblí: cailteanas / meath / tabhairt isteach muirear nua

D'fhéadfaí roinnt seirbhísí poiblí a scor (bealaí iompair bus / níos lú cúntóirí riachtanas speisialta); d'fhéadfadh meath teacht ar chaighdeán seirbhísí eile (seirbhísí sláinte) agus d'fhéadfadh sé go mbeidh ar dhaoine íoc as seirbhísí eile, e.g. muirir theaghlaigh.

3. Athrú úinéireachta ar shócmhainní straitéiseacha stáit

D'fhéadfaí roinnt comhlachtaí stáit a phríobháidiú agus chuirfeadh sé seo isteach ar thomhaltóirí (praghsanna), ar fhostaithe (dífhostaíocht) agus ar an rialtas (ioncam).

4. Iarmhairtí na hearnála poiblí

Titfidh an líon daoine atá ar fostú san earnáil phoiblí; d'fhéadfadh laghdú teacht ar phá agus d'fhéadfadh sé seo cur tuilleadh le líon na ndaoine dífhostaithe.

5. Leibhéal na gníomhaíochta eacnamaíche / laghdú ar éileamh

Gabhann éileamh laghdaithe sa bhaile le hioncam indiúscartha níos ísle agus d'fhéadfadh sé seo bheith ina chúis le méadú ar líon na ndaoine dífhostaithe.

6. Fás faoin ngeilleagar dubh

D'fhéadfadh níos mó daoine a bheith toilteanach páirt a ghlacadh sa gheilleagar dubh mar gheall ar ioncam laghdaithe agus ar an bhféidearthacht go ngearrfaí praghsanna ní b'íse sa gheilleagar dubh.

7. An bhearna idir lucht an tsaibhris agus na boicht ag dul i méid

D'fhéadfadh daoine a fhaigheann leas sóisialach a bheith thíos de bharr ciorruithe ar ráta na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh mar aon le riachtanais cháilitheachta ní ba dhoichte. D'fhéadfadh tionchar ní ba mhó a bheith ag ciorruithe caiteachais agus ag athruithe ar an gcánachas ar dhaoine a fhaigheann níos lú ioncaim.

8. Corraíl phoiblí

D'fhéadfadh daoine páirt a ghlacadh in agóidí / stailceanna a d'fhéadfadh cur isteach ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch. D'fhéadfadh roinnt saoránach teacht ar chinneadh an tír a fhágáil agus dul sa tóir ar thodhchaí níos fearr.

4 pointe × 5 mharc an ceann

- (b) Tá sé molta gur cheart don Rialtas comhlachtaí stáit a phríobháidiú sna blianta beaga atá le teacht d'fhonn an Fiachas Náisiúnta a laghdú.
- (i) Mínigh an téarma 'príobháidiú'.
- (ii) Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** argóint eacnamaíochta i bhfabhar an phríobháidithe NÓ tabhair breac-chuntas ar **cheithre** argóint eacnamaíochta i gcoinne an phríobháidithe. (25)

(i) **Príobháidiú – 5 mharc**

Is éard is brí leis seo **go ndíoltar cuideachta faoi úinéireacht an stáit** le húinéirí príobháideacha.

- (ii) Ceithre argóint eacnamaíochta i bhfabhar an phríobháidithe **NÓ** ceithre argóint eacnamaíochta i gcoinne an phríobháidithe.

argóintí ina fhabhar	argóintí ina choinne
1. Caighdeán / rogha níos fearr seirbhísí. D'fhéadfadh gnólacht príobháidithe caighdeán / éifeachtacht / rogha na seirbhíse a sholáthraítear a fheabhsú.	1. Caillteanas seirbhísí neamhbhrabúsacha D'fhéadfadh an chuideachta seirbhísí neamhbhrabúsacha a scor chun iarracht a dhéanamh costais a laghdú.
2. Praghsanna níos iomaíche D'fhéadfaí praghanna ní b'iomaíche a thairiscint do thomhaltóirí i gcomhair earraí / seirbhísí.	2. Caighdeán na seirbhísí / méadú ar phraghsanna D'fhéadfadh caighdeán na seirbhísí a sholáthródh an chuideachta nua dul in olcas ar mhaithe le costais a choigilt. D'fhéadfaí praghanna a mhéadú d'fhonn an t-ioncam a mhéadú. D'fhéadfaí muirir as seirbhísí a measadh a bhí 'saor in aisce' a thabhairt isteach.
3. Leanúnachas an tsoláthair D'fhéadfadh rochtain a bheith ag na cuideachtaí nuaphríobháidithe ar fhoinsí nua cistíochta agus toisc nach bhfuil siad faoi réir suaitheadh rialtais, d'fhéadfadh feabhsú teacht ar a gcuid ionchais fhadtéarmacha – chinnteodh sé seo leanúnachas an tsoláthair do na tomhaltóirí.	3. Ciorruithe pá / ar mhéadú pinsin / Athruithe ar choinníollacha oibre D'fhéadfadh na húinéirí nua teorainn a chur leis an méadú ar phá / ar phinsin a bheadh dlite dá gcuid fostaithe nó d'fhéadfaidís coinníollacha fostaíochta a bhfostaithe a athrú nó go mbeidís ní ba mheasa ná mar a bhíodh roimhe.
4. Deiseanna Fostaíochta Dá méadódh an gnólacht nua a sciar den mhargadh, d'fhéadfadh fás teacht faoin bhfostaíocht sa tionscal / cinnteacht bhreise poist do na fostaithe atá ann cheana féin.	4. Caillteanas post / cinnteacht laghdaithe poist / méadú ar an mbille leasa shóisialaigh D'fhéadfadh sé tarlú go gcaillfí poist de thairbhe cuíchóirí seirbhísí – d'eascródh caiteachas ní b'airde leasa shóisialaigh as seo.
5. Tuilleadh luachanna saothair / dreasachtaí i gcomhair na nuálaíochta D'fhéadfadh fostaithe níos mó luachanna saothair a ghnóthú as a gcuid nuálaíochta sa tionscal príobháidithe, e.g. bónais ní b'airde, etc.	5. Caillteanas acmhainne luachmhaire de chuid an stáit Mhaoinigh cáiníocóirí an chuideachta seo san am a chuaigh thart. Anois agus í díolta, tá sócmhainn luachmhar caillte ag na cáiníocóirí a raibh seilbh acu uirthi tráth dá raibh.
6. Ioncam ón díolachán – iasachtaíocht a laghdú D'fhéadfadh an rialtas úsáid a bhaint as an ioncam ó dhíol an ghnólachta mar chúnamh leis an leibhéal iasachtaí a laghdú.	6. Caillteanas acmhainne stáit / bonneagar ríthábhachtaigh caillte Mhaoinigh cáiníocóirí an chuideachta seo san am a chuaigh thart. Anois agus í díolta, tá bonneagar ríthábhachtach caillte ag na cáiníocóirí a raibh seilbh acu air tráth dá raibh.
7. Fáil réidh le comhlachtaí atá ag cailleadh airgid Dá ndíolfaí comhlachtaí atá ag cailleadh airgid laghdófaí an t-ualach ar an stát / ar na cáiníocóirí.	7. Costais an díolacháin Caithfidh an cáiníocóir na costais uile a bhaineann le hullmhú an díolacháin, ar nós cúrsaí dlí, a íoc.
	8. Úinéireacht eachtrach Is féidir le ceannaitheoirí thar lear bheith ina n-úinéirí ar chuideachta a bhíodh faoi úinéireacht Éireannach uair amháin; uaidh sin, tig le rialú na sócmhainne dul lasmuigh den stát.

4 phointe × 5 mharc an ceann

- (c) *‘De réir staitisticí ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) tháinig fás 15.5% ar líon na bhfostaithe in earnáil phoiblí na hÉireann ón mbliain 2001 go dtí 2008’.*
(Tuarascáil ar na Cúiseanna le Géarchéim Bhaincéireachta na hÉireann, 2010)

Déan plé ar **cheithre** bheart a d’fhéadfadh an tAire Airgeadais a dhéanamh chun bille pá na hearnála poiblí a laghdú. (20)

1. An líon daoine atá fostaithe san earnáil a laghdú

Ná líon folúntais nuair a thagann siad aníos / deachmaíocht nádúrtha

Tabhair isteach pacáiste deonach iomarcaíochta, e.g. mar atá amhlaidh san FSS.

2. Rátaí pá in aghaidh an fhostaí a laghdú

Íoc rátaí pá níos lú le daoine nua san earnáil ná mar a íoctar le fostaithe atá ann cheana féin.

Coigeartaigh a dteidlíochtaí pinsin le costas na bpinsean amach anseo a laghdú.

3. Na téarmaí fostaíochta a athrú

Cuir méaduithe breisíocha pá siar.

Déan idirbheartaíocht maidir le laghduithe pá i gcomhair fostaithe stáit / reo pá.

Cuir teorainn uasta le pá na státseirbhíseach a shaothraíonn leibhéal ard tuarastail.

Cuir toirmeasc ar ragobair i gcomhair fostaithe stáit / tairg sosanna gairme.

4. Teidlíochtaí pinsin a athrú

Laghdaigh na pinsin a thugtar do shealbhóirí reatha pinsin.

5. Seirbhísí a sheachfhoinsiú, e.g. TF / Párolla

Ciallaíonn sé seo go mbíonn níos lú foirne ag teastáil san earnáil phoiblí leis na seirbhísí seo a chur ar fáil.

20 marc (7+7+3+3)

C.6 Airgead, Rialú banc, Méadú ar na rátaí úis

- (a) Is gnách Airgead a shainmhíniú de réir na bhfeidhmeanna a chomhlíonann sé.
- (i) Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** fheidhm atá ag airgead.
 - (ii) Mínigh an téarma ‘Beartas Airgeadaíochta’.
 - (iii) Mínigh an fheidhm atá ag banc ceannais mar ‘iasachtóir na dála deiridh’.

(35)

(i) Ceithre fheidhm atá ag airgead:

1. Meán malairte

- Ligeann airgead do dhaoine earraí agus seirbhísí a cheannach / ligeann do cheannaitheoirí agus díoltóirí malartú a dhéanamh.
- Is féidir ceannach agus díol earraí / seirbhísí a bhriseadh anuas ina dhá ngníomhaíocht ar leith mar gheall air.

2. Tomhas luacha

- Cuireann airgead ar ár gcumas praghas a chur ar earraí agus ar sheirbhísí.

3. Stór saibhris

- Ligeann sé do dhaoine airgead a choigilt don todhchaí / is féidir a úsáid le rudaí a cheannach amach anseo.

4. An caighdeán i gcomhair íocaíocht iarchurtha

- Tá sé de chumas ag an airgead luach a thomhas le haghaidh dáta amach anseo.
- Is féidir trádáil creidmheasa (i.e. ceannach agus díol) a dhéanamh de thairbhe an airgid.

4 fheidhm × 5 mharc an ceann

(ii) Mínigh an téarma ‘Beartas Airgeadaíochta’

Na gníomhartha sin a dhéanann an Banc Ceannais Eorpach (ECB) a imríonn tionchar ar an soláthar airgid, ar rátaí úis agus ar an bhfáil ar chreidmheas.

8 marc

(iii) Mínigh an fheidhm atá ag banc ceannais mar ‘iasachtóir na dála deiridh’.

Tairgeann an banc ceannais creidmheas d’institiúidí airgeadais a bhfuil deacrachtaí airgeadais / leachtachta acu agus nach bhfuil in ann na cistí riachtanacha a fháil áit ar bith eile.

7 marc

- (b) Creideann a lán daoine gurbh í an easpa maoirseachta ('an rialú laglámhach') a rinneadh ar institiúidí airgeadais in Éirinn ba chúis cuid mhór leis an ngéarchéim bhaincéireachta.

Déan plé ar na cúiseanna eacnamaíochta ar chóir rialú a dhéanamh ar bhainc thráchtála in Éirinn. (20)

1. Tomhaltóirí a chosaint

Cinnteoídh rialúchán go gcosnófar leasanna thomhaltóirí na mbanc agus go mbeidh taiscí na gcoigilteoirí sábháilte.

2. Beartais chearta iasachtaithe

Cinnteoídh rialúchán go leanfaidh na bainc nósanna imeachta cearta iasachtaithe agus go seachnófar ró-iasachtú / iasachtú meargánta.

3. Cobhsaíocht an chórais bhaincéireachta

Cinnteoídh rialúchán gur cheart go bhfanfadh an córas baincéireachta cobhsaí.

4. Muinín / cobhsaíocht eacnamaíoch

D'fhéadfadh rialúchán ceart a chinntiú go bhfeidhmeoidh na bainc go héifeachtúil agus go mbeidh muinín ag an bpobal astu dá bharr / d'fhéadfadh sé sreabhadh creidmheasa agus fás an gheilleagair a éascú.

5. Níos lú gá le hidirghabháil rialtais

Má dhéantar rialú ceart ar na bainc beidh níos lú gá leis an rialtas a bheith páirteach amhail a b'éigean dó maidir leis na ráthaíochtaí i gcomhair taiscí coigilteoirí; náisiúnú Anglo-Irish Bank; bunú NAMA.

6. Níos lú gá le cistí an AE/IMF

Má dhéantar rialú ceart ar na bainc níor cheart go mbeadh gá leis an rialtas dul i muinín cistí ón AE/IMF chun na bainc a chaipitliú.

4 phointe × 5 mharc an ceann

- (c) Meastar go gcuirfidh an Banc Ceannais Eorpach (*ECB*) méadú ar rátaí úis le linn na tréimhse 2011/2012. Mínigh na hiarmhairtí eacnamaíochta ar gheilleagar na hÉireann a thiocfadh le méadú ar na rátaí úis. (20)

1. Díspreagtar iasachtaíocht

Is daoire an iasachtaíocht anois agus is iad aisíocaíochtaí iasachta níos airde atá mar thoradh air seo. Beidh laghdú ar an gcumhacht caithimh dá bharr agus tá sé seo ina chúis le caighdeán níos ísle maireachtála.

2. Spreagtar coigilteas

Mar gheall ar ráta toraidh níos airde, d'fhéadfadh sé a bheith ní ba tharraingtí do dhaoine a gcuid airgid a choigilt agus laghdódh siad a gcuid caithimh dá bharr.

3. Méadú ar aisíocaíochtaí morgáiste

Méadaíonn costas na n-aisíocaíochtaí míosúla agus, uaidh sin, bíonn ioncam indiúscartha níos lú agus caighdeán níos ísle maireachtála le sonrú.

4. Méadú ar an gcostas le freastal ar an bhFiachas Náisiúnta

De bharr rátaí úis intíre níos airde, tagann méadú ar an gcostas a bhaineann le haisíoc na coda inmheánaí den fhiachas náisiúnta.

5. Méadú ar na costais táirgthe / laghdú ar iomaíochas

Méadófar na costais táirgthe agus beidh praghsanna intíre níos airde dá bharr. Laghdóidh sé seo iomaíochas na n-onnmhairí Éireannacha agus d'fhéadfadh laghdú teacht ar na díolacháin.

6. Dídhreasú infheistíochta

Titfidh an Éifeachtúlacht Imeachach Chaipitil agus beidh brabúis níos ísle ann dá bharr agus d'fhéadfadh sé seo infheisteoirí a dhíspreagadh / Éiríonn sé níos costasaí do ghnólachtaí iasacht a fháil agus b'fhéidir nach ndéanfaidh siad infheistíocht dá thoradh.

7. Bac ar Fhás geilleagrach

Mar thoradh ar infheistíocht níos ísle a d'fhéadfadh a bheith ann, d'fhéadfaí dochar a dhéanamh d'fhás geilleagrach amach anseo in Éirinn.

8. Iarmhairtí ioncam cánachais

D'fhéadfadh an rialtas ioncam breise a fháil trí DIRT de bharr coigilteas breise. D'fhéadfadh an t-ioncam ó CBL agus ó dhleachtanna máil titim de bharr níos lú caitheamh airgid, áfach. Beidh laghdú ar an ioncam ó cháin ioncaim má thagann méadú ar an dífhostaíocht.

9. Méadú ar an dífhostaíocht

Caiteachas tomhaltóirí níos ísle; laghdú ar an éileamh ar onnmhairí Éireannacha; laghdú ar an infheistíocht agus meath ar an bhfás geilleagrach – d'fhéadfadh sin uile a bheith ina gcúis le méadú ar líon na ndaoine dífhostaithe.

4 phointe × 5 mharc an ceann

C.7 Ioncam Náisiúnta

- (a) (i) Sainmhínigh na téarmaí seo a leanas:
- An Olltáirgeacht Intíre ar Phraghsanna Reatha an Mhargaidh;
 - An Olltáirgeacht Náisiúnta ar Thoisce-Chostas.
- (ii) Mínigh **dhá** chúis a bhfuil an **Olltáirgeacht Intíre (GDP)** níos mó ná an **Olltáirgeacht Náisiúnta (GNP)** in Éirinn i láthair na huaire. (30)

(i)

An Olltáirgeacht Intíre ar Phraghsanna Reatha an Mhargaidh:

an t-aschur iomlán a tháirgeann na tosca táirgthe sa **gheilleagar baile** beag beann ar cé acu atá na tosca faoi úinéireacht Éireannach nó eachtrannach ar **phraghsanna reatha an mhargaidh**.

7 marc

An Olltáirgeacht Náisiúnta ar Thoisce-Chostas:

an t-aschur iomlán (luach earraí agus seirbhísí) **a tháirgeann** tosca táirgthe **faoi úinéireacht Éireannach in Éirinn agus in áiteanna eile** arna luacháil ar íocaíochtaí leis na tosca táirgthe

7 marc

- (ii) Mínigh **dhá** chúis a bhfuil an **Olltáirgeacht Intíre (GDP)** níos mó ná an **Olltáirgeacht Náisiúnta (GNP)** in Éirinn i láthair na huaire

1. Aisdúichiú brabús ag comhlachtaí ilnáisiúnta eachtracha in Éirinn.
2. Aisíocaíocht úis ar an ngné eachtrach dár bhFiachas Náisiúnta.
3. Seoltáin inimirceach in Éirinn curtha thar lear.

16 mharc

- (b) (i) Mínigh cad atá i gceist leis an téarma ‘an tIolraitheoir’.
- (ii) Meastar gur mar seo atá i ngeilleagar na hÉireann:
 $MPT = 0.22$, $MPM = 0.30$, $MPS = 0.28$.
 Ríomh luach an Iolraitheora i ngeilleagar na hÉireann.
- (iii) Tabhair breac-chuntas gearr ar conas a théann cánacha i bhfeidhm ar luach an Iolraitheora. (25)

(i) An tIolraitheoir:

Taispeánann an tIolraitheoir an gaol idir inteilgean (tosaigh) sa sreabhadh ciorclach ioncaim agus an méadú iomlán sa deireadh ar an ioncam náisiúnta mar thoradh ar an inteilgean.

8 marc

(ii) Ríomh luach an Iolraitheora

Modh 1	Modh 2
$\frac{1}{MPS + MPT + MPM}$ $\frac{1}{0.28 + 0.22 + 0.3}$ $\frac{1}{0.8}$ <p>1.25</p>	$MPC = 1 - MPS = 1 - 0.28 = 0.72$ $1 \div (MPC \div MPT \div MPM)$ $1 \div (0.72 \div 0.22 \div 0.3)$ $\frac{1}{0.8}$ <p>1.25</p>
8 marc	8 marc

(iii) Tabhair breac-chuntas gearr ar conas a théann cánacha i bhfeidhm ar luach an Iolraitheora.

- Laghdaíonn cánacha an caiteachas sa gheilleagar / sceitheadh iad cánacha ó shreabhadh ciorclach an ioncaim náisiúnta
- Nuair a thagann laghdú ar an gcaiteachas, cruthaítear níos lú gníomhaíocht eacnamaíoch sa gheilleagar.
- Tagann laghdú ar luach / ar mhéid an Iolraitheora.

9 marc

- (c) 'Tá Rialtas na hÉireann ag tuar gur ráta fáis 1.75% a bheidh faoin ngeilleagar sa bhliain 2011'.
(An Plean um Théarnamh Náisiúnta 2011-2014)

Déan plé ar na hiarmhairtí eacnamaíocha ar gheilleagar na hÉireann a bheadh ag baint le méadú ar ráta fáis an gheilleagair. (20)

Iarmhairtí eacnamaíocha dearfacha	Iarmhairtí eacnamaíocha diúltacha
Méadú ar an bhfostaíocht Beidh níos mó éilimh le sonrú de bharr fás geilleagrach; éileofar níos mó líon saothair leis seo a bhaint amach.	Brúnna boilscitheacha Mar thoradh ar an méadú ar an leibhéal de ghníomhaíocht eacnamaíoch, beidh méadú ar an mboilsciú de bharr tharraingt an éilimh.
Feabhas ar airgeadas rialtais Mar gheall ar méadú ar an gcaiteachas – tagann méadú ar an ioncam ó cháin indíreach; beidh méadú ar an ioncam ó cháin dhíreach de bharr níos mó daoine i mbun oibre; ba cheart go dtitfeadh an caiteachas ar leas sóisialach.	Úsáid as acmhainní atá gann Bíonn méadú ar an éileamh ar acmhainní atá gann, e.g. ola, de bharr fás geilleagrach. D'fhéadfadh damáiste don chomhshaol a bheith i gceist leis an bhfás.
Iarmhairtí do chomhardú na n-íocaíochtaí Má bhíonn an méadú ar ráta fáis an gheilleagair bunaithe ar onnmhairiú, tagann feabhas ar ár staid maidir le comhardú na n-íocaíochtaí.	Méadú ar an éileamh ar allmhairí Méadaíonn fás geilleagrach ár n-ioncam agus ár gcumhacht caithimh agus d'fhéadfadh méadú teacht ar an éileamh ar allmhairí; rachadh ár staid maidir le comhardú na n-íocaíochtaí chun donachta dá bharr.
Caighdeán maireachtála níos fearr Beidh méadú ar an saibhreas le sonrú sa gheilleagar de bharr fás geilleagrach agus tabharfaidh sé seo deis dúinn níos mó earraí agus seirbhísí a cheannach / laghdú ar an mbochtaineacht / seirbhísí stáit níos fearr.	Ionchais athbhreithnithe ag saoránaigh Mar gheall ar fhás geilleagrach, d'fhéadfadh saoránaigh a n-ionchais a athbhreithniú maidir leis an rialtas agus a bheith ag súil le níos mó seirbhísí ón stát, e.g. cánacha athbhreithnithe, fás faoi ioncam, éilimh phá, etc.
Iarmhairtí don imirce Má bhíonn deiseanna poist ann, d'fhéadfadh daoine a bheartaigh dul ar imirce fanacht anseo agus d'fhéadfaí níos mó inimirceach a tharraingt chun an gheilleagair.	Dáileadh éagothrom saibhris Mura ndáiltear an méadú ar an saibhreas go cothrom, d'fhéadfadh an bhearna idir lucht an tsaibhris agus na boicht dul i méid.
Deiseanna infheistíochta Cuireann fás geilleagrach in iúl go bhfuil borradh faoi gheilleagar agus d'fhéadfadh sé seo infheistíocht bhreise a mhealladh.	

4 phointe × 5 mharc an ceann

C.8 Daonáireamh, Imirce, Dífhostaíocht, Tacaíocht airgeadais ón AE/IMF

- (a) Déan plé ar na slite a mbainfeadh an Rialtas agus an Lucht Gnó úsáid eacnamaíoch as sonraí Dhaonáireamh 2011.

(20)

An Rialtas	An Lucht Gnó
Riachtanais bhonneagair Cúnamh é don rialtas pleanáil i gcomhair thógáil na riachtanas bonneagair amach anseo, e.g. an méid bunscoileanna, ospidéal, etc. a bheidh de dhíth.	Leibhéil éilimh an tomhaltóra amach anseo Is féidir le táirgeoirí éileamh ar a n-earraí agus seirbhísí amach anseo a thuar níos cruinne.
Seirbhísí ríthábhachtacha a sholáthar Cuireann sé a leanas in iúl: na réimsí ina bhfuil na seirbhísí breise ag teastáil; agus na riachtanais daonchumhachta le cinntiú go gcuirfear na seirbhísí sin ar fáil, e.g. líon na múinteoirí, líon na ndochtúirí, etc.	Sonraí faoin daonra Cuirtear faisnéis mhionsonraithe ar fáil faoin daonra, ar nós aoise, inscne, stádas pósta, líon na bpáistí, creidimh, etc. – tugann sé seo faisnéis mhionsonraithe do ghnólachtaí faoina margaí.
Pleanáil pinsin Is féidir leis an rialtas an soláthar ba cheart dóibh a dhéanamh i gcomhair pinsean amach anseo a thuar níos cruinne.	An margadh saothair Féadfaidh gnólachtaí leas a bhaint as na sonraí le fáil amach an féidir leo freastal ar a gcuid riachtanais saothair amach anseo.
Athruithe déimeagrafacha / Beartas réigiúnach Tugtar faisnéis ann faoi athruithe náisiúnta déimeagrafacha. Ar bhonn réigiúnach, is cúnamh é don rialtas pleanáil le haghaidh riachtanais na réigiún amach anseo.	
Cáilíochtaí an lucht saothair Tugtar sonraí ann faoi cháilíochtaí oideachais / leibhéil oiliúna a bhain an lucht saothair amach – is féidir leis seo cúnamh a thabhairt don rialtas pleanáil i gcomhair forbartha ar sheirbhísí oideachais agus oiliúna amach anseo.	

4 phointe × 5 mharc an ceann

Níor mhór go mbeadh úsáid amháin ar a laghad ó gach ceann.

- (b) ‘Tá an ghlan-imirce amach as Éirinn níos airde faoi láthair ná a bhí aon uair ó 1989 i leith’.
(An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2010)

Déan plé ar na cúiseanna a bhfuil leibhéal ard glan-imirce amach as Éirinn faoi láthair. (25)

1 phointe éigeantach: 4 mharc

1. Náisiúnaigh choigríche ag filleadh ar a dtíortha dúchais

Mar thoradh ar an gcúlú eacnamaíochta, tá mórán náisiúnach coigríche a tháinig go hÉirinn ag lorg oibre i rith na tréimhse borrrtha ag filleadh abhaile anois de bharr na heaspa deiseanna fostaíochta agus an ardchostais mhaireachtála in Éirinn.

3 phointe eile × 7 marc an ceann

2. An cúlú eacnamaíochta in Éirinn

Tá sé seo ina chúis le méadú ar an dífhostaíocht agus tá daoine ag dul ar imirce de bharr níos lú deiseanna poist a bheith ar fáil / tá an Infheistíocht Dhíreach Eachtrach á athlonnú i ngeilleagair lena mbaineann costais níos ísle.

3. Rátaí pá in Éirinn

Tá na rátaí pá in Éirinn ag titim. Is éard is ciall leis seo go bhfuil an caighdeán mairachtála ag meathlú agus tá daoine ag cuardach caighdeán mairachtála níos fearr thar lear.

4. Ionchais maidir le téarnamh geilleagrach

Tá imní ar roinnt daoine faoina dtodhchaí in Éirinn agus is beag ionchas atá acu maidir leis an am atá le teacht. Tá siad ag cuardach deiseanna le haghaidh nós mairachtála níos fearr in áiteanna eile, e.g. Ceanada / an Astráil / na Stáit Aontaithe.

5. Deiseanna poist thar lear / eisimirce oibrithe oilte

Tá na daoine sin atá ábalta ag dul ar imirce sa tír ar phoist sna tíortha sin ina bhfuil folúntais, e.g. Ceanada, an Astráil agus Londain (le haghaidh poist tógála sa Ríocht Aontaithe ag druidim leis na Cluichí Oilimpeacha in 2012). Téann roinnt oibrithe oilte ar imirce le scileanna a fhoghlaim mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil; ar an imirce le scileanna a fhorbairt.

6. Leibhéil chánachais ag dul in airde in Éirinn.

Tá an caighdeán mairachtála ag dul chun donachta mar gheall ar tobhaigh éagsúla ioncain / cánacha nua a thabhairt isteach. D’fhéadfadh na daoine sin atá soghluaiste caighdeán mairachtála níos fearr a aimsiú thar lear.

(c) ‘ I Nollaig na bliana 2010 bhí ráta dífhostaíochta 13.6 % in Éirinn. ’

(An Phríomh-Oifig Staidrimh)

- (i) Déan plé ar **dhá** bheart eacnamaíocha a d’fhéadfadh an Rialtas a dhéanamh chun an leibhéal dífhostaíochta in Éirinn a laghdú.

Ag deireadh na bliana 2010, cheadaigh an tAontas Eorpach agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta €85bn de thacaíocht airgeadais d’Éirinn.

- (ii) Déan plé ar na hiarmhairtí eacnamaíocha ar gheilleagar na hÉireann a bheidh ag an tacaíocht airgeadais seo.

(30)

- (i) Bearta a d’fhéadfadh an Rialtas a dhéanamh chun an leibhéal dífhostaíochta in Éirinn a laghdú.

1. Cánachas a laghdú

Dá laghdódh an rialtas rátaí CBL bheadh sé ina chúnamh le praghsanna a laghdú. D’fhéadfadh sé seo daoine a spreagadh chun airgead a chaitheamh; thiocfadh méadú ar an éileamh dá bharr agus bheadh méadú ar an éileamh ar shaothar freisin.

2. Lucht saothair breise a fhostaítear a fhóirdheonú

Laghdaigh an rialtas an ráta ÁSPC a bhaineann le lucht saothair breise a fhostaítear. Cúnamh é seo leis an gcostas saothair a laghdú agus d’fhéadfadh sé fostóirí a spreagadh le lucht saothair breise a fhostú.

3. Na costais atá le híoc ag gnólachtaí a laghdú

D’fhéadfadh an rialtas, trí rialúchán, iallach a chur ar na gnólachtaí sin a sholáthraíonn fónais a bpraghsanna a laghdú. D’fhéadfadh sé seo na costais do ghnólachtaí a laghdú agus d’fhéadfadh laghdú teacht ar na praghsanna do thomhaltóirí dá thairbhe. D’fhéadfadh méadú teacht ar an éileamh agus bheadh méadú ar an éileamh ar shaothar dá bharr. D’fhéadfadh sé seo a bheith mar chúnamh chun praghsanna onnmhairí a laghdú; uaidh sin, bheadh méadú ar an éileamh comhiomlán agus chruthófaí fostaíocht freisin.

4. Bainistiú stuama an Rialtais ar an ngeilleagar

Má athbhunaítear muinín an phobail tosódh daoine ag caitheamh airgid. Mar thoradh air seo, beidh méadú ar an éileamh comhiomlán agus cuirfear an fhostaíocht chun cinn. Dá bhrí sin, is ríthábhachtach é bainistiú stuama eacnamaíoch ar an ngeilleagar le muinín a athbhunú.

5. Forbairt bonneagair

Bíonn maoiniú feabhsúchán ar an mbonneagar caipitil agus sóisialta, e.g. athchóiriú / tógáil scoileanna, etc., ina chúis dhíreach le fostaíocht sa tionscal tógála agus, trí éifeacht an iolraitheora, tá sé ina chúis le méadú ar chaiteachas agus ar fhás na fostaíochta.

6. Bonn íseal cánach brabúis chorparáide a choinneáil / FDI breisluacha ard a mhealladh

Meastar gur gné ríthábhachtach í an ráta íseal Cáin Bhrabúis Chorparáide de chumas na hÉireann leanúint ar aghaidh ag mealladh infheistíocht dhíreach eachtrach shoghluaiste. D’fhéadfaí í seo a úsáid mar chuid de na pacáistí a úsáidtear le cuideachtaí a spreagadh le lonnú anseo agus fostaíocht a mhéadú dá thoradh.

7. Infheistíocht san oideachas / san oiliúint

Ní mór don rialtas leanúint ar aghaidh ag infheistiú san oideachas agus san oiliúint. Ligfidh an infheistíocht seo d’oibrithe cur lena gcuid scileanna agus na scileanna sin a fháil a bhfuil éileamh orthu faoi láthair. Clár intéirneachta a fhorbairt.

8. Cobhsaíocht bhaincéireachta – fáil ar chreidmheas

Más féidir leis an rialtas na bainc a athchaipitliú agus a chuíchóiriú go rathúil, d’fhéadfadh creidmheas a bheith ar fáil a chuirfidh le hinfheistíocht agus a spreagfaidh ar an gcaoi sin fás geilleagrach agus fostaíocht.

2 phointe × 5 mharc an ceann

(ii) Déan plé ar na hiarmhairtí eacnamaíocha ar gheilleagar na hÉireann a bheidh ag an tacaíocht airgeadais seo.

Iarmhairtí eacnamaíocha dearfacha	Iarmhairtí eacnamaíocha diúltacha
1. Oibrithe san earnáil phoiblí a íoc Ciallaíonn an tacaíocht gur féidir na hoibrithe seo a íoc mar is gnách.	1. Ardchostas aisíocaíochta Dísciú breise é an t-ardráta úis a bhaineann leis na hiasachtaí seo ar na hacmhainní stáit atá gann. Neamhábaltacht iasachtaíochta i margaí idirnáisiúnta.
2. Seirbhísí poiblí a choinneáil Is féidir seirbhísí rithábachtacha a chur ar fáil mar is gnách, e.g. scoileanna, ospidéil, slándáil, an tseirbhís phríosúin, etc. Scoirfí na seirbhísí seo gan an tacaíocht airgeadais.	2. Méadú cánachais / ciorruithe caiteachais Ní mór na hiasachtaí a aisíoc agus ciallaíonn sé seo go mbeidh méadú ar chánachas agus/nó ciorruithe ar chaiteachas le sonrú; laghdóidh an méid sin an caighdeán maireachtála.
3. Leanúnachas an chórais bhaincéireachta Ciallaíonn an tacaíocht airgeadais gur féidir leis na bainc coinneáil orthu i mbun feidhme agus d'fhéadfaí a leanas a bheith i gceist dá bharr: (a) is féidir leis an gcóras geilleagrach feidhmiú (b) tá níos lú baoil leis na poist bhaincéireacht.	3. Caillteanas ardcheannais gheilleagraigh Stiúrfaidh an AE/IMF beartais gheilleagracha in Éirinn anois in áit Rialtas na hÉireann.
4. Glacadh le coigeartuithe cánach D'fhéadfadh saoránaigh glacadh ní ba shásúla leis an ngá le bearta cánachais a chinnteoidh go mbeidh an geilleagar slán.	4. Caillteanas muiníne as an ngeilleagar D'fhéadfadh saoránaigh a muinín as cumas an rialtais bainistiú a dhéanamh ar a gcuid cúrsaí geilleagracha a chailleadh. D'fhéadfadh laghdú ar an gcaiteachas eascirt as seo. D'fhéadfadh sé infheistíocht sa gheilleagar a dhíspreagadh; bheadh níos lú Infheistíocht Dhíreach Eachtrach ann, dífhostaíocht agus 'Imirce Daoine Oilte' le sonrú dá bharr.
5. Glacadh le maolú pá D'fhéadfadh an gá le tacaíocht airgeadais na hoibrithe uile a spreagadh le glacadh leis an ngá le pá a laghdú / le táirgiúlacht a mhéadú.	5. Dífhostaíocht / Eisimirce D'fhéadfadh méadú teacht ar an dífhostaíocht de bharr laghdú ar chaitheamh airgid nó ar an infheistíocht, agus d'fhéadfadh méadú teacht ar an eisimirce dá bharr.

4 phointe × 5 mharc an ceann

